

Title	Fíon Gearmánach: Torna agus filíocht na Gearmáinise
Authors	Ní Ghearbhuigh, Ailbhe
Publication date	2022
Original Citation	Ní Ghearbhuigh, A. (2022) 'Fíon Gearmánach: Torna agus filíocht na Gearmáinise', in Ó Donnchú, K. (ed.) Tintúd-Aistriú: Papers on Translation in Irish Tradition. Cork: Cló Torna, pp. 203-223.
Type of publication	Conference item
Rights	© 2021, the Author. Published by Cló Torna.
Download date	2023-12-03 14:27:20
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/13498



UCC

University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Fíon Gearmánach: Torna agus Filíocht na Gearmáinise

Ailbhe Ní Ghearbhuigh

Tráth a foilsíodh *Fíon Gearmánach* in 1930, bhí ainm Thorna in airde mar Ollamh, mar scoláire, mar scríbhneoir agus mar aistritheoir. Ar Chlár Scríbhinní Thorna is ea a léirítear raon fairsing a chuid saothar agus bisiúlacht a phinn i mbun aistriúcháin.¹ D'aistrigh sé saothar próis ón tSean-Ghaeilge, ón mBreatnais, ón bhFraincis, agus ón mBéarla. Ba scóipiúla fós é i mbun filíochta, ag aistriú dánta ó na teangacha thuasluaite anuas ar Ghaedhilg na hAlban, an Bhriotáinis, agus an Ghearmáinis. Ní áibhéil a rá go raibh bua na seacht dteanga aige.

Bhí an Ghaeilge fós á labhairt ag daoine áirithe i gCarraig na bhFear tráth gur saolaíodh Torna - Tadhg Ó Donnchadha - sa Ghleann ar an 4 Meán Fómhair 1874. Bhí a athair ina rúnaí ar an

¹ Ó h-Éaluighthe, 'Clár Scríbhinní Thorna', in Séamus Pender (eag.) *Féilscríbhinn Torna*, 226-258.

gcaobh áitiúil de Chonradh na Gaeilge.² Tar éis a chuid scolaíochta sa Mhainistir Thuaidh, thug Ó Donnchadha aghaidh ar Choláiste Phádraig i mBaile Átha Cliath. Chaith sé tamall de bhlianta san ardchathair ag múineadh, agus ansin mar eagarthóir ar *Irisleabhar na Gaedhilge*. Bhí sé ar bhunaitheoirí Chraobh an Chéitinnigh, dream a chuir rompu fóram a chruthú do ‘lucht labhartha is do lucht foghlama Ghaeilge na Mumhan san ardchathair is cothrom na Féinne a bhaint amach di.’³ As a stuaim féin a d’fhoghlaim Torna go leor de na teangacha a bhí aige, ní foláir, agus caithfidh go raibh sé ag foghlaim leis ar feadh an ama. I mBailiúchán Thorna tá leabhar nótaí leis ón mbliain 1900 ina bhfuil ceachtanna i mBreatnais,⁴ mar shampla, chomh maith le leabhráin eile ina bhfuil nótaí aige i bhFraincis⁵ agus ar ghramadach na Spáinnise.⁶ D’aistrigh sé go leor ábhar ón mBriotáinis ar leathanaigh *An Claidheamh Soluis* in 1912.⁷ Cé gur aistrigh sé idir fhilíocht is phrós ón bhFraincis ó 1909 agus 1930, is léir ó líon mór na n-aistriúcháin go raibh lé ar leith ag Torna le filíocht na Gearmáinise.⁸ Breathnófar san aiste seo ar an gcomhthéacs as ar eascair *Fíon Gearmánach* agus ar na ceangail idirnáisiúnta a tháinig chun solais i bhfoilsíú an leabhair. Tabharfar aird ar leith ar na straitéisí aistriúcháin as ar bhain Torna leas chomh maith leis an dua a chaith sé le cúrsaí meadarachta. Rianófar, freisin, cuid de na foinsí teannais a bhain le togra aistriúcháin den tsaghas seo i ré na hAthbheochana.

Do Kuno Meyer a thiomnaigh Torna *Fíon Gearmánach*:

2 Breathnach agus Ní Mhurchú, *Beathaisnéis a hAon*, 64.

3 Ó Siadhail, *An Béaslaíoch*, 104. I measc na mbunaitheoirí eile, luann Ó Siadhail ‘Sceilg’ (Seán Ó Ceallaigh), Shán Ó Cuív, Piaras Béaslaí agus ‘Fiachra Éilgeach’ (Risteárd Ó Foghludha).

4 Bailiúchán Torna, U115.37.370.

5 BT, U115 87.6; 87.10.

6 BT, U 115 87.53.

7 Féach sé dhán le Tadir ar *An Claidheamh Soluis*, 14.12.1912 agus 28.12.1912.

8 105 dán a d’aistrigh sé ón nGearmáinis, de réir Chlár Scríbhinní Thorna.

‘Dem andenken an Kuno Meyer, cloch ó Éirinn do charn Chúno Meighear.’ Ba é Meyer a bhunaigh an ‘School of Irish Learning’ i mBaile Átha Cliath in 1903, a reachtáil ranganna sa tSean-Ghaeilge agus sa tseanlitríocht i rith an tsamhraidh. Thapaigh Torna an deis freastal ar na cúrsaí samhraidh seo. Sa réamhrá míníonn Ó Donnchadha gur chúis náire dó a laghad suim a chuireann na Gaeil i gcoitinne sa Ghearmáinis, go háirithe i bhfianaise a bhfuil déanta ag scoláirí na Gearmáine chun an cultúr dúchais in Éirinn a chaomhnú.

Tá an oiread san déanta ag scoláirí ón Ghearmáin ar son teanga agus litríocht na hÉireann gur náire dhúinne, ár nGaedhil, a laighead suime a chuirimid i dteanga is i litríocht na Gearmáine. Is ag súil le beagán, ar a laighead, den chomaoin sin a chúiteamh atáimse ag cur an éinín seo uaim.⁹

Tá nóta leithscéalach le sonrú, ní hamháin sa réamhrá ach sa bhfotheideal a ghabhann leis an leabhar: ‘Iarrachtaí Aistriúcháin ón Ghearmáinis.’ Aithníonn sé go gcailltear cuid mhaith in aistriú na filíochta:

Ní mór dam mo leathsgéal do ghabháil i dtaobh a olcas atá cuid den obair seo. Ní féidir aistriú maith ar fhilíocht gan a bheag nó a mhór de dheise an bhuntsaothair do chailliúint. Is baoghlach gur minicí an mór ná an beag agamsa.¹⁰

Le teann umhlaíochta a scríobh sé an méid seo, is dócha, agus is cinnte nach bhféadfaí mórchúis a chur i leith an aistritheora anseo.

Ba mhór an chabhair a thug an tOllamh Ludwig Mühlhausen don togra agus bhí Torna faoi chomaoin aige as an an obair a dhein sé idir phrofaí a léamh agus eile:

Is dual mo bhuidheachas don Ollamh Ludwig Mühlhausen, i nOllscoil Hamburg, as ucht eólais do sholáthar dam, agus na fromhtha do léigheadh, agus a lán thairis sin de chongnamh agus de

9 Torna, *Fíon Gearmánach*, v.

10 Ibid, v.

dheaghchomhairle.¹¹

I mBailiúchán Thorna, tá comhfhreagras ó Mühlhausen ón 29 Márta 1929 agus is léir go raibh an Gearmánach ag cabhrú le Torna ceist na gceart a réiteach roimh fhoilsiú an leabhair:

Fuaireas do leitir agus bhí fáilte roimpe. Sgéal áthais seadh é an t-aistriúchán a bheith déanta agat. Molaim thú! Sgríobhas chun an eagarthóra Langewische láithreach tréis do leitre d'fhágail, agus annseo a fhreagra sa chlúdach seo. Níl aon rud dod' chosg ar an aistriúchán a chur i gcló dar leis – go n-éiridh an obair seo leat! Ba mhaith liom go mór na fromhtha do léigheamh dhuit; ní gádh duit leithsgéal a bhreith uait ar a shon.

Tá litir eile i nGearmáinis ón bhfoilsitheoir Wilhelm Langewiesche in München in éineacht leis an litir ó Mühlhausen ina mínítear go raibh cosaint 30 bliain i gceist maidir le cearta saothar foilsithe. Toisc gur file é Torna, ní aistriúchán de réir an dlí a bheidh ann ach 'Nachdichtung' nó 'iarfhilíocht.' Luann Langewiesche freisin go bhféadfaí leas a bhaint as 'nach' x ('i ndiaidh' x) seachas 'von' x ('le' x) agus is léir gur ghlac Torna leis an gcomhairle úd: i gcás aon fhile a bhí beo sa chéad tríocha bliain den bhfichiú haois, is 'nach' a luaitear leis an dán. Na haistriúcháin Ghaeilge amháin a foilsíodh in *Fíon Gearmánach*, rud a shimpligh ceist na gceart go mór, ní foláir. Tá éifeacht eile ag an gcinneadh seo, freisin, sa mhéid is gur deacair breithiúnas a dhéanamh ar dhílseacht an aistriúcháin. Tugtar teideal gach dáin sa Ghearmáinis, áfach, agus féachfar ar ball ar roinnt straitéisí a bhí ag Torna chun ábhar na mbundánta a chur in oiriúint don léitheoir Gaeilge.

Ní léir go raibh aon phlean ná straitéis agus Torna ag roghnú dánta don gcnuasach. Maíonn sé sa réamhrá nach fonn 'seóda Gearmáinise a chur i nGaedhilge' a bhí air, nó i bhfocail eile, nár chuir sé roimhe togha agus rogha na litríochta a bhailiú go

11 Ibid, v.


cáiríseach i bhfoirm leabhair. Is cosúil gur phróiseas níos scaoilte ná sin a bhí i gceist. Ní léir ach an oiread cad iad na foinsí, pé acu bunleabhair nó díolaimí, inar aimsigh sé na bundánta. In ord croineolaíoch a liostaítear na dánta sa ‘C[h]lár Aisnéise’, ag tosnú le dán de chuid Magnus Gottfried Lichtwer (1719-1783) anuas go dtí Adolph Schirmer agus ‘Duine gan Ainm’.

Maidir le Schirmer, is léir go raibh Torna an-tógtha lena shaothar. Seacht ndán déag leis atá in *Fíon Gearmánach*. Deir sé an méid seo sa réamhrá: ‘Is saith liom gur theip orm cunntas d’fhagháil ar Adolf Schirmer. Níor chuir sé uaidh riamh acht leabhar beag amháin Gedichte, a tháinig amach san bhliain 1908.’¹² Níor bhain Schirmer cáil amach mar fhile ach aithníodh é mar úrscéalaí agus mar scríbhneoir ceoldrámaíochta. Ní miste an cheist a chur, dá réir sin, conas go bhfuair Torna cur amach ar shaothar Schirmer? Luann cuntais áirithe go ndeachaigh Torna go Heidelberg nuair a tháinig deireadh le *Irisleabhar na Gaedhilge* in 1909. Tá seans, mar sin, go dtáinig sé trasna ar chnuasach filíochta Schirmer, a foilsíodh in 1908 agus é sa Ghearmáin. Is deacair dul in iontaoibh iomlán na gcuntas sin, áfach, toisc go luaitear i gcuid acu go ndearna Torna staidéar ar an tSean-Ghaeilge in Heidelberg faoi stiúir Mühlhausen.¹³ Tá an cheist seo cíortha ag Breathnach agus Ní Mhurchú sa chuntas is déanaí ar bheatha Thorna.¹⁴ Ag an gcomhdháil as ar eascair an cnuasach aistí seo, dúirt an scoláire Maxim Fomin nár chaith Mühlhausen aon tréimhse ag múineadh in Heidelberg, ach, dar ndóigh, ní hionann san is a rá nár chaith Torna seal ann. Tá sé i gcuntas Íde Ní Choindealbháin sa *Cork Historical and Archeological Society*, mar shampla, go ndeachaigh

12 Ibid, v.


13 Féach tuairisc bháis Thorna, *Evening Echo*, 21 Deireadh Fómhair 1949 agus *Dictionary of Irish Biography*, DOI: <https://doi.org/10.3318/dib.006347.v1> [ceadaithe: 13 Meán Fómhair 2021]

14 <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=19&xml=true> [ceadaithe: 18 Bealtaine 2021]



Torna go Heidelberg agus gan aon trácht aici ar Mühlhausen.¹⁵ Tá seans ann, mar sin, go bhfuil bunús na fírinne leis an turas go Heidelberg.

15 Ní Choindealbháin, Íde, 'Notes', 102



Litir ó Mühlhausen chuig Torna, 29 Márta 1929, U115.102.1.3(1) agus U.115.1.3(2). © Bailiúchán Thorna, foilsithe le caoinchead Leabharlann Boole, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Sa chuid eile den aiste seo is mian liom aghaidh a thabhairt ar ghnéithe de chleachtas Thorna mar aistritheoir, féachaint cad iad na straitéisí a bhíodh in úsáid aige. Breathnófar freisin ar na

hiarrachtaí a dhein sé i gcásanna áirithe rithim an bhundáin a chaomhnú sa leagan aistrithe. Tabharfar suntas freisin don méid a bhí le rá ag na léirmheastóirí tráth foilsithe *Fíon Gearmánach*.

Is fada díospóireachtaí ar siúl faoi chur chuige an aistritheora agus an luach ar chóir a chur ar dhílseacht don mbunsaothar le hais ealaín an tsaothair sa sprioctheanga. Chuir Lawrence Venuti friotal ar an teannas áirithe seo nuair a dhein sé trácht ar *domestication* (dúchasú) agus *foreignization* (galldú) ina mhórshaothar *The Translator's Invisibility: A History of Translation* (1995). Nuair a bhíonn Torna i mbun aistriúcháin, is minic a fheictear an dúchasú nó rian an dúchais ar a chuid saothair. Bíonn an bundán á chur in oiriúint aige don léitheoir Gaeilge uaireanta agus tagairt don gcultúr Gaelach á sníomh isteach san áit nach ann do thagairt dá leithéid sa bhunleagan. I bhfocail eile, ba nós le Torna an dán a athlonnú go minic sa chruinneshamhail Ghaelach. Feictear a leithéid sa dán 'Die Katzen und der Hausherr' le Magnus Gottfried Lichtwer atá bunaithe ar fhabhalscéal Aesop. 'Fear an Tighe agus na Cait' an teideal a chuir Torna air.¹⁶ Tabhair suntas d'ainmneacha na gcat sa dá leagan thíos:

Hinz, des Murners Schwiegevater,
Schlug den Takt erbärmlich schön,
Und zween abgelebte Kater
Quälten sich, ihm beizustehen
Pangar, athair céile Reanga,
Isé a bhí ag bualadh an ama 'on táin,
Ioras críon 's a bhráthair Aras,
Á gcéasadh d'iarraidh teacht 'na pháirt.

Feictear gur athraigh sé Hinz go Pangar, agus Murner go Reanga. Níl aon ainm sa bhundán ar an dá chat eile, ach baistean Torna Ioras agus Aras orthu. Is rícháiliúil an t-ainm é Pangar, a bhuí

16 Torna, *Fíon Gearmánach*, 1-2.

leis an manach a chum dán ag ceiliúradh a pheata. Maidir leis na hainmneacha eile, léiríonn Torna an cur amach a bhí aige ar thraidisiún liteartha na nGael óir tá tagairt anseo do na cait sa scéal ‘Tromdám Guaire’, Irasan agus Arasan agus Reng Gérfhiachlach.¹⁷ Go deimhin, ba oiriúnach an baisteadh a dhein Torna orthu, toisc go ndéanann Irasan ionsaí ar Shenchán sa scéal, faoi mar a thug na cait faoi fhear an tí sa dán Gearmánach.

Bhí Torna an-tógtha le saothar Heinrich Heine (1797-1856), mar is léir ó na seacht ndán is fiche a roghnaigh sé le haistriú in *Fíon Gearmánach*. Tógadh a bhformhór ón leabhar *Die Heimkehr* (1826), mar aon le corrcheann ó *Lyrishes Intermezzo* (1823), *Romanzen* (1844), agus saothair eile nach iad. I measc na ndánta a d’aistrigh sé, tá an dán cáiliúil faoi Lore-Ley dar tús ‘Ich Weiss nicht, was soll es bedeuten,’ nó ‘Ní fheadarsa cad fé ndéarr é.’¹⁸ Is spéisiúil an dúchasú nó an gaelú atá le sonrú i leagan Thorná mar a ndéanann sé ‘ealabhean bhán’ den ‘schönste Jungfrau’:

Die schönste Jungfrau sitzt
Dort oben wunderbar,
Ihr gold’nes Geschmeide blitzet,
Sie kämmt ihn goldenes Haar.
Féach ealabhean bhán ar nuachruth
Féach í thuas ’na suidhe;
Do chímse na seóda ar luasgadh,
Mar chíorann sí a gruaig bhreágh bhuidhe.

Is téarma é ‘ealabhean’ a théann i bhfad siar i dtraidisiún liteartha na Gaeilge agus fáil uirthi i saothar Liam Inglis (1730), Thaidhg Ghaelaigh Uí Shúilleabháin (1795), in Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin (1784), i ndán de chuid Sheáin Uí Bhraonáin (1807), i saothar Phádraig Piarais Cúndúin (1812), i ndán le Seán

17 Táim an-bhuíoch dom chomhghleacaithe i Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge, an Dr Emma Nic Cárthaigh agus an tOllamh John Carey as a gcuid cabhrach maidir leis an bhfoinse seo.

18 Torna, *Fíon Gearmánach*, 26-27.

Ó Dálaigh (1846), agus i bhfilíocht Shéamais Uí Chaoindealbháin (1836).¹⁹ Faightear ‘ealamhná’ mar sin i dtéacsanna Gaeilge chomh fada siar leis an ochtú haois déag ar a laghad, agus baineann Torna leas as an téarma i ndán a d’aistrigh sé ó Ghearmáinis an ochtú haois déag. Tá sí ‘ar nuachruth’, áfach, rud a thugann le fios, b’fhéidir, go bhfuil athshamhlú déanta ag Torna ar an ‘schönste Jungfrau’.

Sa véarsa a leanann é, bíonn an óigbhean ag cíoradh a cuid gruaige agus ag amhrán, ach tabhair faoi deara go dtugann Torna isteach tagairt don lucht sí, rud nach bhfuil sa bhunleagan:

Sie kämmt es mit goldenem Kamme
und singt ein Lied dabei;
das hat eine wundersame,
gewaltige Melodei.
Ag cíoradh atá a círín óir dí,
Agus gabhann sí go gleóidhte laoidh,
Go bhfuil aici fonn róchomhachtach
Fuair barra ar na ceóltaibh sidhe.²⁰

Tá dán le Adolf Schirmer dar teideal ‘Des Knaben Wunderhorn’, rud a thagraíonn do bhailiúchán d’amhráin na ndaoine (*Volkslied*) a chuir Ludwig Achim von Arnim (1781-1831) agus Clemens Brentano (1778-1842) i dtoll a chéile idir na blianta 1805 agus 1808. In aistriúchán Thorna ar dhán le Adolf Schirmer, ‘Adharc Druíochta an Gharsúin’ tugann sé isteach tagairt don Táin: ‘Is neosad féin díbh éachta á bhárr/ Ar sgéal na Tána a bhuadhfadh.’²¹ Is deacair teacht ar an mbundán, faraor, ach caol seans go mbeadh an Táin luaite ann.

Má tá an dúchasú agus an gaelú le sonrú sna samplaí thuas,

19 Táim faoi chomaoín ag an Dr Seán Ua Súilleabháin agus an Ollamh Pádraig Ó Macháin as eolas a roinnt liom ó *Corpas Stairiúil na Gaeilge 1600-1926*, ar fáil ag www.corpas.ria.ie.

20 Torna, *Fion Gearmánach*, 26-27.

21 Torna, *Fion Gearmánach*, 70.

caomhnaítear blas na hiasachta in aistriúcháin áirithe. In ‘Mná Winsperg’ bhí ‘an t-árdfhlaith Hohenstaufen, Rí Conrad toghail’ ina shuí, cuir i gcás.²² Fanann ‘Herr Holger’ mar atá san aistriúchán ar ‘Genrebild’ i ndiaidh Emil von Schönaich-Carolath.²³ Ar an lámh eile, athraíonn ‘Has von Überlingen’ ina ‘S[h]eán ó Uachtar Linge’ san aistriúchán ar dhán Gottfried Keller.²⁴ Uaireanta, déantar talamh slán de go mbeadh cur amach ag an léitheoir ar an tagairt chultúrtha i gcomhthéacs na Gearmáine. An bhféadfaí glacadh leis go dtuigfeadh pobal léitheoireachta na Gaeilge sna 1930idí tagairt do ‘Tannhäuser’, mar shampla?²⁵

Ba nós le Torna logainmneacha a ghaelú go minic agus é ag aistriú ó theangacha na hEorpa.²⁶ In aistriúchán ar *Das Lied der Deutschen* le Hoffmann von Fallersleben dhein sé ainmneacha na n-aibhnte a ‘ghaelú’: athraíonn sé an Maas go Más, an Etsch go Áidse agus Belt go Béilt. Is dócha gurb é seo an t-aistriúchán is mó a bhainfeadh siar as léitheoir an lae inniu toisc go samhlaítear é go mór leis an Naitsíochas. Cumadh an bundán seo in 1841 agus ní raibh ceangal idir an t-amhrán agus an Naitsíochas nuair a d’fhoilsigh Torna an leagan seo in 1930.

Deutschland, Deutschland über alles,
über alles in der Welt,
Wenn es stets zu Schutz und Trutze
brüderlich zusammen hält,
Von der Maas bis an die Memel,
von der Etsch bis an den Belt,
Deutschland, Deutschland über alles,
über alles in der Welt!

22 Torna, *Fíon Gearmánach*, 14.

23 Torna, *Fíon Gearmánach*, 55.

24 Torna, *Fíon Gearmánach*, 48.

25 Torna, *Fíon Gearmánach*, 79-80.

26 Cuntas ar an ngné seo in aistriúcháin phróis Torna ón bhFrainicis in Ní Ghearbhúigh, 75-90.

Ár nGearmáinne choíche i n-áirde
Choíche i n-áirde i radharc an tsaoghail,
Sgoth a buíon le linn an ghátair,
Iad 'na mbráithre dílse cléibh;
Í ón Mhemel siar go Más glan,
Í ón Áidse ó thuaidh go Béilt,
Ár nGearmáinne choíche i n-áirde
Choíche i n-áirde i radharc an tsaoghail.

Ag féachaint ar an sampla thuas go fuarchúiseach, is gá a aithint gur dhein Tórna beart mhaith den aistriúchán ó thaobh rithime de. Tá ceithre chéim i ngach líne agus éiríonn leis pátrún ríme a chur i bhfeidhm a leanann pátrúin an bhundáin cuid mhaith.

Bhí Torna aireach go maith ar chúrsaí céime agus ba aige a bhí eolas fairsing ar mheadarachtaí na Gaeilge. In 1925 is ea a d'fhoilsigh sé *Prosóid Gaedhilge* mar a raibh cuntas beacht ar na meadarachtaí traidisiúnta chomh maith le hábhar cleachta do mhic léinn.²⁷ Féachadh cheana ar véarsa as an dán 'Die Katzen und der Hausherr' le Magnus Gottfried Lichtwer agus díreofar anois ar véarsa eile agus suntas á thabhairt againn do chéimeanna na meadarachta:

In dem Vorsaal eines Reichen
Stimmten sie ihn Liedchen an,
So ein Lied, da Stein' erweichen,
Menschen rasend machen kann.
I halla íochtair dhuine shaidhbhir,
Do thosnuigh ar an nglithearán,
Ceól a sgoiltfeadh croidhe na cloiche,
'S ar chroidhe an duine a chuirfeadh gráin.

Ceithre chéim atá i ngach líne, cé go bhfuil ruthag i línte 1, 2, agus 4 sa leagan Gaeilge. Déantar iarracht chomh maith pátrún ríme an bhundáin a leanúint; baintear rím as gutaí caola san fhocal deiridh

27 Torna, *Prosóid Gaedhilge*.

i línte 1 agus 3 agus gutaí leathana san fhocal deiridh i línte 2 agus 4.

In aistriúchán ar ‘Rheinweinleid’ le Mattias Claudius (‘Moladh ar Fhíon na Ríne’), cuireann Torna meadaracht i bhfeidhm nach bhfuil sa bhunleagan:

Bekränzt mit Laub den lieben vollen Becher,
 Und trinkt ihn fröhlich leer.
 In ganz Europia, Ihr Herren Zecher!
 Ist solch ein Wein nicht mehr.
 Bíodh fleasg duilleóg ar sgóig an ghloine láin,
 Is óltar trá go bun,
 Ar fhaid na hEórpa a shórd so dhigh im láimh
 Ní dóigh gur thárla indiu.

Cúig chéim atá i línte 1 agus 3 agus trí chéim i línte 2 agus 4. Dá mbeadh Torna féin ag déanamh cur síos ar an meadaracht aiceanta seo in *Prosóid Gaedhilge*, is mar seo a bheadh an nóta:

| a U | ó U | ó U | o U | á
 U | ó U | á U | u
 | a U | ó U | ó U | í U | á
 U | ó U | á U | u


Ní miste a mheabhúrú nár foilsíodh na bundánta Gearmáinise in *Fíon Gearmánach*, rud a d’fhágfadh go leor léitheoirí dall ar an mbunleagan. Ba dheacair, dá réir, breithiúnas a thabhairt ar dhílseacht na n-aistriúchán, ná, mar atá sa chás thuas, ar bhua Thorna an dán a chur in oiriúint do thraidisiún meadarthachta na Gaeilge.

Dréacht den aistriúchán ‘Moladh ar Fhíon na Ríne’ U115.82.7.
 © Bailiúchán Thorna, foilsithe le caoinchead Leabharlann Boole, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

I bhfianaise na ndeacrachtaí sin, is maith is fiú anois féachaint ar roinnt de na léirmheasanna a scríobhadh tráth foilsithe *Fíon Gearmánach*. D’aithin ‘C Ní C’ ina léirmheas in *An Phoblacht* gur

dócha nach mbeadh an Ghearmáinis ag go leor de léitheoirí na Gaeilge. Léitheoir díograiseach í, ní foláir, a chuaigh sa tóir ar na bunleaganacha Gearmáinise:

Furmhór na ndaoine a léighfidh “Fíon Gearmánach” ní bheidh an Ghearmáinis aca, agus caillfidh an taithneamh a bhí agam-sa, agus mé ag cur na Gaedhilge i gcomparáid leis an nGearmáinis, agus binneas agus blas na teaghan bhunaidh á aithint ath-uair agam ‘san



Dréacht den aistriúchán ‘Moladh ar Fhíon na Ríne’ U115.82.7.
 © Bailiúchán Thorna, foilsithe le caoinchead Leabharlann Boole, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ghaedhilg.²⁸

Cé go bhfuair sí locht ar dhá iarracht de chuid Thorna ('Das Verlassene Magdeline' agus 'Du bist wie eine Blume'), mhol sí mórán eile. Léirmheastóir eile a raibh teacht aige ar na bunleaganacha Gearmáinise ab ea Cearbhall Ó Dálaigh. Ag scríobh dó in *The Nation* baineann sé síneadh as meafar na mara (long, mairnéalach, last) chun cur síos a dhéanamh ar *Fíon Gearmánach*. Is díol spéise é gur cháin sé 'Du bist wie eine Blume' freisin agus é ag tagairt go sonrach don mbunleagan:

[T]á teipthe air deise an bhun-shaothair do thabhairt leis annso síos: "Is cosmhail thú le bláth beag/ Ar ghlúine, ar áille snóidh." Du bist wie eine Blume/ So hold und schon und rein" Agus cuimhnigh leis ar chómh h-ealadhanta is a chasann sé an tarna líne den leathrann san i ndeire an dara bhéarsa: "So rein und schon und hold." "Ar a ghlúine is 'áille ataoi" atá ag Tórna.²⁹

Ar an iomlán, áfach, is léirmheas dearfach atá scríofa ag Ó Dálaigh óir is tréine an moladh a thugann sé d'iarrachtaí Thorna ná a mhalairt.

Bhí léirmheastóir an *Sunday Independent* tomhaiste go maith agus é ag moladh an leabhair: 'It may be that the pleasure which the translations gave him will not be shared by all readers of all the Irish versions, but much pleasure will surely be derived from the reading of many of them.'³⁰ Moladh go crannaibh na spéire a fuair Torna ó léirmheastóir *An Stoc*: 'Is féidir a rádh gan aidhbhéil ar bith gurb iad seo an sgata duanta is deise a cuireadh mar bhiseach ar litridheacht na Gaedhilge le leithchéad bliadhain anuas.'³¹ Leagtar béim ar an 'Ghaedhilge liteardha' a chothaíonn an t-údar agus tapaítear an deis locht a fháil ar 'a láin den mhangrae a thagas

28 C Ní C, *An Phoblacht*, 22 Samhain 1930.

29 Ó Dálaigh, *The Nation*, 18 Samhain 1930.

30 *Sunday Independent*, 9 Samhain 1930.

31 *An Stoc*, Mí na Nollag, 1930.

amach i n-ainm Gaedhilge ó chlódóirí riaghaltais 7 eile.' Tugtar sonc eile don nGúm ag deireadh an léirmheasa: 'D'fhéadfaimis a rádh, maidir leis an leabhar seo go bhfuil sé go réidh ar cheann den chuid is fearr a tháinig amach fá'n nGúm, ach tá faitchíos orainn nach mbeadh a sháithe de mholadh annsin aige.' Muintir C. S. Ó Fallamhain i gcomhair le hOifig an tSoláthair a d'fhoilsigh an leabhar ach is léir ón méid seo go raibh sciolladóireacht i leith an Ghúim tosnaíthe faoi 1930.

Léiríonn líon na léirmheasanna an seasamh a bhí ag Torna mar fhear léinn agus fhear éigse sa tréimhse seo. Go deimhin, d'aithin léirmheastóir an *Waterford News and Star* amhlaidh nuair a thagair sé do scoláireacht Thorna:

The appearance of the name of "Torna" [...] on the title page of a book of Irish poems at once assures the reader of a rare treat and recalls memories of pleasant and profitable days spent reading Torna's scholarly editions of the Irish poems of Sean O Muirtheadha, Padraig O Haicead [*sic*] and Diarmuid MacCarthaig, his translations from the Welsh poets, his "Caitheamh Aimsire" and other volumes.³²

Maidir leis na haistriúcháin ón mBreatnais, is díol spéise é an méid a bhí le rá ag Torna féin ag Ard-Chúirt na hÉigse³³ i mBaile Átha Cliath i dtaobh a oiriúnaí is a bhí an Bhreatnais, dar leis:

Is í an Bhreathnais an teanga dena teangthaibh iasachta is comhgarraighe agus is dlúithe gaol don Ghaedhilg. Dá bhrígh is fusa aistriughadh go Gaedhilg uaiti-se 'ná ó theangthaibh eile. Tá filidheacht bhreagh innti, agus go háirithe amhráin ghrádh gur dócha nach fuil a mbárr le fagháil.³⁴

Is i léacht dar teideal 'Aistriúghchán ó Theangthaibh Iasachta' ar an 3 Lúnasa 1911 a dúirt sé an méid thuas, píosa cainte a foilsíodh mar aiste in *Saothar Suadha: Cuid a Dó*. Ba mhaith liom díriú

32 *Waterford News and Star*, 12 Meán Fómhair 1930.

33 Féach O'Leary, *Prose Literature*, 77, 389.

34 Torna in *Saothar Suadha: Cuid a Dó*, 63-64.

ar an alt sin anois óir is suimiúil an léargas a fhaightear ann ar a chur chuige i leith an aistriúcháin. Tugadh an chaint seo tráth ar thosnaigh Torna ag foilsíú a chuid aistriúchán ón nGearmáinis i nuachtáin ar nós *An Claidheamh Soluis*, an *Weekly Independent* agus an *Freeman's Journal*.³⁵ Tugann sé le fios sa léacht nár bhraith sé é féin ina shaineolaí ar litríocht na hEorpa ach gur thuig sé go bhféadfaí – agus gur chóir – litríocht na Gaeilge a chothú is a shaibhriú tríd an aistriúchán:

Ní'l puinn cuardaigh déanta agam ar theangthaibh na hEórpa. Acht ón dtaithighe atá agam ar an bhFraingcis is ar an nGearmáinis tá's agam go bhfuil a lán ionnta nar mistide an Ghaedhilg a fhagháil uatha.³⁶

Aithníonn Torna feabhas na litríochta, ach léiríonn sé faichill áirithe i dtaobh ábhar díobhálach a aistriú go Gaeilge: 'An fhilidheacht atá sa Ghearmáinis ní ródheacair í chasadh i nGaedhilg. Tá a furmhór go huasal is go hardaigeanta acht is baoghlaigh go bhfuil smaointe abhfus is tall innti ná réidhteóghadh aigne an Ghaedhil leó.³⁷ Smaointe mímhórálta a bhí i gceist aige, ní foláir, is é sin aon ábhar liteartha a bheadh ag treascairt béascna measúil na linne. Go deimhin, bhí an cháiréis chéanna le sonrú i measc go leor d'Athbheochanóirí na Gaeilge agus iad ag plé tionchar na hiasachta ar chultúr na nGael.³⁸ Nuair a d'fhoilsigh a chomhChonraitheoir i gCraobh an Chéitinnigh, Máire Ní Chinnéide, alt in 1910 ar mhúnlaí liteartha a thógaint isteach ó litríocht na Fraince, cothaíodh díospóireacht bhríomhar i dtaobh 'oiriúnacht' na litríochta a bheadh á haistriú ó theangacha eile.³⁹ Tá an meon cosantach nó coimeádach sin le sonrú sa léacht úd

35 Féach Ó hÉaluighthe, 'Clár Scríbhinní Thorna', 241-243.

36 Torna in *Saothar Suadha: Cuid a Dó*, 63-64.

37 Ibid

38 Féach O'Leary, *Prose Literature of the Gaelic Revival*, 355-400.

39 Ní Ghearbhuigh, 'Never mind the Pagans', 34-42.

a thug Torna in 1911 ag Cúirt na hÉigse nuair a luaigh sé inní i dtaobh ábhar a aistriú nach réiteodh le haigne an Ghaeil. Thuig go leor de lucht na hAthbheochana go raibh gá le múnlaí liteartha ón iasacht chun an Ghaeilge a shaibhriú agus chun tionchar Shasana a mhaolú, ach bhí faitíos ann go ndéanfaí an mianach dúchais a lagú:

Acht caithfear a admháil gur teanga lag í an Ghaedhilg, agus an deallramh atá uirthi fé láthair. Dá bhrígh sin ní réidhteóghadh an iomad den iasacht léi. Is amhlaidh do báithfidhe ann í. Ar an adhbhar-san do b'fhéarr gan dul rófhada i leith an iarachta. Ní fuláir tarraing air go réidh, agus a mheascadh go maith ar bhiadh dhuthchais na deaghchanamhna.

Is minic teannas idir foirm agus ábhar i gcúrsaí ealaíne agus níorbh aon eisceacht í litríocht na Gaeilge ag tús an fichiú haois, mar atá scagtha ag Philip O'Leary agus Brian Ó

Conchubhair.⁴⁰ Maidir le foirm, míníonn Torna go bhfuil filíocht na Gearmáinise oiriúnach le haistriú go Gaeilge toisc aiceann láidir a bheith le sonrú inti, mar atá sa Ghaeilge.

Ar chainnt scurtha iseadh is fearr an Fhraingcis. An fhilidheacht atá innti-sin níor mhór do dhuine diantaighthe uirthi sara dtuigfeadh sé dhi, tá sí chomh casta soin. Ní mar sin atá filidheacht na Gearmáinise ar aon chor. Rud eile, tá aiceann láidir ar chanamhaint na Gearmáinise díreach mar atá sa Ghaedhilg, agus is maith an congnamh é sin don té bhíonn a d'iarraidh giota d'aistriughadh go Gaedhilg. Ní áirímhtear an t-aiceann i bhfilidheacht na Fraingcise.⁴¹

Is léir ón gcaint seo thuas, agus ó na samplaí atá feicthe againn san aiste seo, go raibh cúrsaí aicinn agus meadarachta an-tábhachtach do Thorna agus é i mbun aistriúcháin. Níl aon amhras, ach an oiread, ach gur chloígh sé le hábhar a bhí neamhúrchóideach go maith agus é ag aistriú ón nGearmáinis. Baineann go leor acu leis an dúlra, le tírghrá, le grá geannmnaí, cuid eile is amhráin óil

40 O'Leary, *Prose Literature of the Gaelic Revival* agus Ó Conchubhair, *Fin de Siècle na Gaeilge*.

41 Torna in *Saothar Suadha: Cuid a Dó*, 64.

iad, agus is minic a bhíonn maoithneachas le sonrú sna dánta a d'aistrigh sé. 'Simplíocht', 'áilleacht' agus 'daonnacht' na tréithe ba thábhachtaí leis agus é i mbun aistriúcháin, de réir Chormac Uí Chuilleanáin, a bhí ina chomhghleacaí ag Torna i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh:

Bhí togha an eolais aige, de thoradh dianstaidéir, ar an nGearmáinis agus ar an bhFrainncis, agus ar na teangthacha Ceilteacha. Agus ní insa teangthacha féin a chuir sé an spéis go léir ach sa leitríocht a bhain leo, agus aon áit riamh go dtáinig sé suas le rud go raibh buadh simplíochta agus áilleachta agus daonnachta ag baint leis, níos scar sé leis go raibh éide Ghaelach curtha aige air.⁴²

Foilsíodh formhór mór na ndánta in *Fíon Gearmánach* roimhe sin i nuachtáin éagsúla ó 1911 i leith.⁴³ Go deimhin, léigh Torna dornán díobh ag Cúirt na hÉigse in 1911 agus cuireadh i gcló iad i dteannta a léachta in *Saothar Suadha: Cuid a Dó*. Mar a d'adhmaigh Torna i réamhrá *Fíon Gearmánach*, bhí 'breacaos maith ar chuid desna hiarrachtaí' ann faoi 1930. Nócha dán ar fad atá in *Fíon Gearmánach* ach níl an t-aistriúchán is cáiliúla dá chuid san áireamh – a leagan de 'Stille Nacht' nó 'Oíche Chiúin' a chantar go forleathan in Éirinn anuas go dtínár lá féin. Ba ar *Scéala Éireann* a foilsíodh é sin ó Eanáir 1940, tráth go raibh sé bliana le cois an trí scór ag Torna. Léiríonn sé seo an tsuim leanúnach a chuir Torna san aistriúchán.

Cé gur foilsíodh *Fíon Gearmánach* in 1930, baineann an togra le tréimhse níos luaithe ná sin, ar bhealach. Ghlac Torna páirt lárnach sna díospóireachtaí a bhí ar siúl aimsir na hAthbheochana i dtaobh chúrsaí aistriúcháin, an deis a bhí ann leitríocht na Gaeilge a shaibhriú, agus an baol a bhain le hábhar ón iasacht a bheadh 'míoiriúnach' nó 'dainséarach' do léitheoirí Gaeilge. Is suntasach gur tiomnaíodh an leabhar do Kuno Meyer, go háirithe i bhfianaise

42 Ó Cuilleanáin, 'Torna',

43 Féach an leabhar nótaí mar a bhfuil gearrthóga ó na nuachtáin éagsúla: U.115.452.1

an fholáirimh a bhí ag Torna agus é ag trácht ar an ‘School of Irish Learning’ a bhunaigh Meyer: ‘Níor mhisde dhúinn aire a thabhairt do’n tSean-Ghaedhilge, agus gan bheith gá fágaint fé Ghearmánaigh is fé eachtrannaigh eile.’⁴⁴ Léiríonn an nóta buíochais atá i réamhrá *Fíon Gearmánach*, mar aon leis an gcuntas moltach a scríobh Torna ar Meyer in *Éarna* tamall i ndiaidh bhás Meyer,⁴⁵ gur mhaolaigh an meon cosantach sin in imeacht na mblianta. Comhartha buíochais agus ómóis atá in *Fíon Gearmánach* as an dua a chaith Meyer agus scoláirí Gearmánacha eile chun oidhreacht liteartha na Gaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Saothair a Ceadaíodh

Breathnach, Diarmuid agus Ní Mhurchú, Máire, *Beathaisnéis a hAon* (Baile Átha Cliath, 1986) www.ainm.ie [Dáta ceadaithe: 14 Meán Fómhair 2021]

Gan Údar, ‘Death of Eminent Irish Scholar’ *Evening Echo*, 21 Deireadh Fómhair 1949. Ar fáil ag: <https://archive-irishnewsarchive-com> [Dáta ceadaithe: 30 Deireadh Fómhair 2021]

Ní Choindealbháin, Íde, ‘Notes: An Tollamh Tadhg Ó Donnchadha’ in *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 54 (1949), 102

Ní Ghearbhuigh, Ailbhe, ‘Aistriúcháin Thorna do Pháistí ón bhFrancis’, in Róisín Adams, Claire Marie Dunne, Caoimhe Nic Lochlainn (eag.), *Thar an Tairseach: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg* (Baile Átha Cliath 2014), 75-90

Ní Ghearbhuigh, Ailbhe, ‘Never Mind the Pagans: The Anatole France Controversy in An Claidheamh Soluis, 1910’, *Irish Studies Review*, 22 (1), 34-42

44 Torna, *Irisleabhar na Gaedhilge* 13, no. (155) Lúnasa 1903, 369, luaite in O’Leary, *Prose Literature*, 227.

45 Torna, ‘Cúnó Meighear’, *Éarna*, Márta 1925.

- Ó Conchubhair, Brian, *Fin de Siècle na Gaeilge: Darwin, An Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa* (Indreabhán 2009)
- Ó Cuilleanáin, Cormac, 'Torna.' *Comhar*. 9.1 (1950), 10-11
- Ó Donnchadha, Tadhg, 'Aistriughchán ó Theangthaibh Iaschta' in údair éagsúla,
Saothar Suadha: Cuid a Dó (Baile Átha Cliath 1912)
- Ó Donnchadha, Tadhg, *Prosóid Gaedhilge* (Corcaigh 1925)
- Ó Donnchadha, Tadhg, 'Cúnó Meighear', *Éarna*, Márta 1925.
- Ó Donnchadha, Tadhg, *Fíon Gearmánach: Iarrachtaí Aistriúcháin ón Ghearmáinis* (Baile Átha Cliath 1930)
- Ó Donnchadha, Tadhg, Bailiúchán Thorna, U.115. In: *Leabharlann Boole, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh* (1947)
- Ó H-Éaluighthe, Diarmuid, 'Clár Scríbhinní Thorna ó 1896 go 1945 A.D.', in Pender (eag.) *Féilscríbhinn Torna*, (Corcaigh 1947), 226-258
- O'leary, Philip, *Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881-1921: Ideology and Innovation*, (Pennsylvania, 1994)
- Ó Siadhail, Pádraig, *An Béaslaíoch: Beatha agus Saothar Phiarais Béalsáí (1881-1965)*, (Baile Átha Cliath 2007)
- Rouse, Paul, 'Tadhg Ó Donnchadha, Torna', *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag: <https://www.dib.ie/biography/o-donnchadha-tadhg-torna-a6347> [Dáta ceadaithe: 13 Meán Fómhair 2021]
- Venuti, Lawrence, *Translator's Invisibility: A History of Translation* (London 1995)